# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2017

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

# Laidin

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**1.** Freagair Roinn A nó Roinn B sa cheist seo:- **[75]**

*Cuirfear scéim mharcála dhearfach i bhfeidhm. Bronnfar marcanna ar iarrthóirí i ndáil le gach focal a aistreofar go cruinn. Leithroinnfear idir leathmharc (1/2) agus dhá mharc (2).*

**A.** Cuir Laidin air seo:-

½ 2 ½ 1 2 1 ½ 2 1 ½ 1 ½
Nuair ba léir go raibh an bua á fháil ag an namhaid sa chath, bhí eagla agus éadóchas ar gach taobh i measc
1 1 ½ 2 1 ½ ½ 1 2 1 2 ½ ½
na Rómhánach. Nuair a chonaic an ceannasaí an sceimhle i measc a chuid fórsaí, d'ordaigh sé dóibh cúlú chuig na
½ 1 ½ ½ 2 ½ 1 ½ 2 ½ ½ 1 1
cnoic ba ghaire. Ach fuair sé amach go luath gur ghabh an namhaid seilbh ar na cnoic sin chomh maith. Theith roinnt
1 2 ½ ½ ½ 2 ½ ½ 1 2 ½ 1 2
dá chuid fear ach nuair a ghabh an namhaid go gasta iad maraíodh iad; thug cuid eile acu suas
½ 1 ½ 2 2 ½ 2 ½ 2 ½ 1 ½ 2
a gcuid arm agus ghéill siad, agus impí á dhéanamh acu go ligfí dóibh fanacht beo. Throid formhór na saighdiúirí go cróga, áfach,
½ ½ 2 ½ 1 ½ ½ 2 1
ionas go bhféadfaidís an fód a sheasamh go dtí an oíche agus críoch a chur leis an gcath ar an gcaoi sin.

**Nó**

**B.**

- **(i)** An oiread sin díshocraíochta sa stát **(4)**; dainséir a dhéanann bagairt air **(4)**
- **(ii)** Na daoine a bhfuil grá faoi leith aige dóibh **(4)** léiríonn sé brón mór **(4)**
- **(iii)** Is beag tionchar a bhíonn acu air **(4)**
- **(iv)** Ba cheart dó aghaidh a thabhairt orthu le dínit **nó** iad a sheachaint gan a bheith corraithe **(6)**
- **(v)** Mhúin siad dóibh le siosadh **(6)**
- **(vi)** Mhill sé é féin **(4)**
- **(vii)** Trí sceon agus faitíos a úsáid **(8)**
- **(viii)** Mar gheall ar an gcairdeas sin **(4)**; atá aige le Poimpéas **(4)**
- **(ix)** Ar fhaitíos go scriosfadh sé gach rud a rinne sé roimhe sin **(6)**
- **(x)** Freastalaíonn sé ar an dá thrá **(4)**
- **(xi)** San amharclann **(3)**; ag na cluichí **(3)**
- **(xii)** Thug siad íde béil do mháistir na ngliairí agus dá lucht tacaíochta **(7)**

**C2. A (130) Cuir Gaeilge ar dhá shliocht ar bith:**

(i) extemplo…..acies 4/ versique…..vertunt 10/ Troes…..Asilas 6/ iamque…..portis 4/ rursusque…..reflectunt 10/ hi….habenis 6/ bis…..versos 6/ bis…..tegentes 6/ tertia…..proelia 7/ totas…..vir 6.

(ii) iamque…..lacertis 7/ fortiter…..aquas 6/ ut…..est 7/illa…..habent 6/ et…..lacertis 7/ visaque…..mihi 6/ frigora…..profundi 7/ qui…..amor 6/ quo…..fiunt 7/ quoque…..mihi 6.

**B.**

(i) Cato…..profectus 5/ ut…..caperet 5/ Praeter…..circumducit 3/ et…..mittit 6/ Mirantes….arma 8 / Interim…….inquit 7/ et…..feci 3/ Inter…..est 7/ Quod…..habere 6/ Cohortes…..eliceret 7/ Id…..evenit 3/ Pertimuisse…..erumpunt 5.

(ii) Defendi…..senex 6/ contempsi…..tuos 5/ quin…..obtulerim 4/si…..potest 4/ ut…..parturit 6/ etenim…..consulari 10/ quanto….seni 4/ Mihi…..est 4/ perfuncto…..gessi 5/ Duo…..reliquam 7/ hoc…..potest 4/ alterum…..mereatur 6.

**C3 A. (i) (60) Cuir Gaeilge air seo:**

Poenus…..occisos 8/ et…..referebat 8/ Scipio…..potuissent 11/ Ad…..flectit 7/ Ominatur…..deos 11/ Adesse…..Carthaginis 5/ reditum…..deos 5/ Celsus…..dicebat 5.

**(ii) (30) Freagair trí cheist ar bith**

(a) 5 + 5
(b) 5 + 5
(c) 5 úsáid óráidí + 5 foirm scríbhneoireachta stairiúla
(d) (3+2) + (3+2)
(e) 5 +5

**Nótaí Táscacha—D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo.**

**3A.**
**(a) Measúnú Livy ar Hannibal**—aon phointí bailí ón téacs; bhí Hannibal glic, mar shampla nuair a choinnigh sé a arm le chéile roimh an tionól síochána chun níos mó cumhachta margaíochta a thabhairt dó.
**(b) Measúnú Livy ar Masinissa**—aon phointí bailí ón téacs; bhí Masinissa meargánta, mar shampla nuair a shocraigh sé pósadh tapa le Sophoniba.
**(c) An úsáid a bhain Livy as óráidí**—aon phointí ón téacs; cruthaíonn óráidí teannas drámata, mar shampla le hóráidí Hannibal agus Scipio sa tionól chun síocháin a phlé; aon dearcadh ar óráidí mar fhoirm dhlisteanach den scríbhneoireacht stairiúil fad is go dtugtar cúis.
**(d) Laelius**—bhí sé ina leifteanant faoi Scipio; throid sé i gcath Zama; chabhraigh sé le Scipio chun Syphax, rí Numidia, a ghabháil. **Saguntum**—cathair Rómhánach ar chósta thoir na Spáinne; rinne Hannibal léigear ar an gcathair in 219RCh; d'athghabh na Rómhánaigh an chathair in 212RCh.

**Sophonisba—**cáil uirthi as a háilleacht; iníon Hasdrubal Gisgo; thit Masinissa i ngrá léi agus phós sé í; thóg sí nimh le nach mbeadh sí ina príosúnach ag an Róimh. **Syphax—**rí Numidia; fuair Scipio an ceann is fearr air i gcath Bagrades; tugadh chuig an Róimh é mar phríosúnach.
**(e) Scipio—**aon phointí faoi ról Scipio i Leabhar 30.

**3B. (i) (60) Cuir Gaeilge air seo:**

limen….. a tergo 10/ infelix…..soceros 8/ et…..trahebat 3/ evado…..Teucri 9/ turrim…..tectis 6 / unde…..castra 6/ aggressiu…..dabant 6/ convellimus…..impulimusque 4/ ea…..trahit 4/ et…..incidit 4 .

**(ii) (30) Freagair trí cheist ar bith**

(a) 5+5 ar dhá phointe
(b) 5 + 5
(c) 5 + 5
(d) 5 + 5
(e) ( 3+2) + (3+2)

**Nótaí Táscacha—D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo.**

**3B (ii)**

**(a) Ról na ndéithe**—aon phointí ar nós an chaoi ar úsáid Sinon tionchar Mhinéirve ar na Traígh chun a chur ina luí orthu an capall a thabhairt isteach sa chathair; chomh maith leis sin chuaigh na nathracha nimhe a mharaigh Laocoon go dtí cosa deilbhe de Mhinéirve agus chreid na Traígh gur chóir dóibh an capall a thabhairt isteach sa chathair chun an bandia a cheansú dá bharr; cruinniú idir Aeinéas agus Véineas.
**(b) Sleachta lena mbaineann áilleacht mhór fileata—**sliocht ag cur síos ar bhás Laocoon; an sliocht a dhéanann cur síos ar an gcapall a thabhairt isteach sa chathair–tagair don sliocht agus mínigh cén fáth a mbaineann áilleacht mhór fileata leis.
**(c) Carachtar Sinon—**glic sa chaoi a d'fhigh sé fíricí ina scéal ficsin; cruálach nuair nár léirigh sé aon trua do na Traígh d'ainneoin chomh maith is a chaith siad leis.
**(d) Foréigean—**cur síos mion agus neamhbhalbh, mar shampla an t-ionsaí ar phálás Priam; léiríonn Veirgil trua dóibh siúd ar bhain foréigean dóibh toisc go mbíonn sé ag casaoid mar gheall ar an gcaoi ar bhreathnaigh Eachtar i ndiaidh d'Aichill ionsaí fíochmhar a dhéanamh air i gcomparáid leis an gcaoi ar bhreathnaigh sé agus é i mbarr a réime.
**(e) Testudo**—léigear a d'úsáideadh saighdiúirí le haghaidh cosanta agus ionsaí; rug saighdiúirí ar sciatha os cionn a gcloigne ar bhealach comhghlasáilte, chun ceannbhrat cosúil le sliogán toirtíse a chruthú; **Tenedos—**oileán beag thart ar cheithre mhíle ón gcósta gar do shuíomh na Traí; chuaigh Gréagaigh i bhfolach taobh thiar den oileán nuair a lig siad orthu féin go raibh siad ag fágáil léigear na Traí. **An Pallaidiam—**faightear i gcreideamh na nGréagach agus na Rómhánach é; íomhá ar creideadh gur bhraith sábháilteacht chathair na Traí uirthi; creideadh gur íomhá de Mhinéirve (Aitéiné) a bhí ann. **Aitréidigh—**clann mhac Aitréas, Meinealás agus Agaiméamnón; ba é Agaiméamnóin ceannasaí fhórsaí aontaithe na nGréagach i gCogadh na Traí; ba é Meinealás fear céile Héilin agus carachtar lárnach sa chogadh.

**C4**. (i) 4+3+3. (10)

(ii) (2+1+1) suas go 10 ar a mhéad. (2+2 as confiteor/patior) (10)

(iii) Meadaracht 2 mharc. -2 le haghaidh siollaí ar bith atá mícheart (10)

**C5. (75) Freagair trí cheist – ceist amháin ar a laghad ó gach roinn.**

**A**.

(i) Trí thoisc (7+6+6+6) – dhá phointe ar a laghad faoi gur dhuine réadúil é Ágastas/a rinne pé rud a theastaigh.

(ii) Plé (7+6+6). Meas (6)

(iii) (7+6) + (6+6)

**B**.

(i) Saol 4+3+3. Saothar 4+3+3. Tionchar ag saol an údair 5.

(ii) 9 +8 +8 – ní mór go ndéanfadh dhá phointe ar a laghad tagairt don phraitic/aeistéitic.

(iii) (a) Pléigh an tábhacht (5+4); éifeacht na difríochta idir na fótagraif-4.
(b) Téamaí sna saothair mhúrealaíne (5/4+4); tábhacht—4.
(c) Trí phointe 5/4+4+4 (ní mór tagairt don fhótagraf i gceann amháin ar a laghad)

**Nótaí Táscacha—*D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo.***

**5A.**

(i) Aon phointí ar **pholasaí intíre Ágastas**—an reachtaíocht a bhain le Imperium Proconsulare agus Tribunica Potestas agus an chaoi ar úsáid Ágastas na dlíthe sin; an chéad agus dara socrú a d'eagraigh Ágastas; an chaoi a ndearna sé an-chúram de chomharba a shocrú (a léirigh gur dhuine réadúil é); a chlár cuimsitheach tógála agus pátrúnacht na n-ealaíon.
(ii) **69 AD**. Cur síos agus iarracht meas a dhéanamh ar na radhairc anordúla a tháinig chun cinn faoi réimis ghearra Galba, Otho, Vitellius agus teacht i réim Veaspáisian (trí phointe); measúnú ar thábhacht na n-imeachtaí sin sa chaoi ar thóg Veaspáisian smacht an-chúramach ar an airgeadas agus ar na hairm réigiúnacha chun an t-anord in AD 69 a chosc (pointe amháin).
(iii) **Cláidias agus an Bhreatain:** Ionradh in AD 43; bhí Veaspáisian i gceannas ar cheann dá léigiúin; sheol siad ó Boulogne; mhaígh Cláidias gur ghéill 11 rí dó; bunaíodh príomhchathair nua ag Camulodunum; ghabh smacht ar cheantar ó dheas ón tSabhrainn agus inbhear Humber. **Carachtar Domitian**—an-mheáite ar cháil a bhaint amach dó féin toisc gur choinnigh a athair Veaspáisian sa chúlra é; uaillmhianach, mar a taispeánadh ina ionradh ar an mBreatain faoi Agricola; d'éirigh sé an-duairc agus amhrasach faoi chomhcheilg agus bagairtí ina choinne; thosaigh sé réimeas scéine a raibh a dhúnmharú ina thoradh air ar deireadh. **An tábhacht a bhain leis an nGarda Praetóireach**—ba iad an dlúthgharda agus an t-arm cúltaca d'impirí; d'fhan siad dílis do Thibir nuair a bhí sé faoi bhagairt ag a maor, Séánas; d'fhéadfaidís an t-impire a mharú mura gcúiteofaí a saothar i gceart leo mar a tharla le Galba; d'fhéadfaí fiú impire a dhéanamh astu mar a tharla i gcás Chláidias.

**5B.**

**(i) Catullus---saol**—rugadh in Verona é; a theacht chun na Róimhe; caidreamh le Clóidia; bás a dhearthár; obair mar státseirbhíseach. **Saothair**—stíl a chuid filíochta; cineálacha dánta; tionchar ar scríbhneoirí ina dhiaidh. **Caesar**—aon phointí óna ghairmréim cháiliúil. **Saothair**—roinnt filíochta; a stíl scríbhneoireachta; úsáid bolscaireachta in De Bello Gallico agus Commentarii Belli Civilis. Aon

tagairt don tslí a raibh tionchar ag saol an údair a roghnaigh tú ar a shaothar scríbhneoireachta—e.g. grá Catullus do Chlóidia nó cogaí Chaesair.
**(ii) An Ailtireacht Rómhánach—**trí chuntas mhionsonraithe ar aon struchtúr ailtireachta, ar nós droichead, uiscerianta, amharclann, amfaitéatar, etc. **Ní mór béim a leagan ar ghnéithe ealaíonta agus ar ghnéithe praiticiúla na struchtúr in dhá phointe ar a laghad.**
(iii) (a) **Tábhacht Ara Pacis—**cineálacha rilífe in úsáid ar an altóir; úsáid leanaí; coimhthíos roinnt de na fíoracha; suíomh an impire; úsáid peirspictíochta; tábhacht na haltóra mar ráiteas polaitíochta. Aon éifeacht na difríochta idir na fótagraif.
**(b) Téamaí múrealaíon—**aon phlé ar théamaí ar nós an dúlra, gairdíní, ghnéithe laethúla an tsaoil. Aon phointe ar thábhacht i dteach Rómhánach—dath/solas a thabhairt isteach i dtithe dorcha.
**(c) Dealbhóireacht Phortráide—**cúiseanna a riabh an oiread sin tóir ar an stíl seo; úsáid réalachais; dáiríreacht—tagairt d'fhótagraf C.